

Barra Stróib

Oiriúnach do dhaoine aois: 3+



Tá 9 solas gheala dhaite LED sa bharra stróib a fhrithghníomhaíonn in aghaidh fhuaim do ghutha nó is féidir iad a shocrú go lasfaidh siad go randamach. Méid: 25cm x 4.5cm.

Tabhair faoi deara, le do thoil: Teastaíonn 4 chadhra AA ón mbarra stróib (curtha san áireamh agus tá ionchur seaic AC ann chomh maith (ní sholáthraítear an cuibheoir) le haghaidh soláthar príomhlíonra roghnach. Ba cheart an barra stróib a úsáid i gcónaí faoi mhairseacht duine fhásta. Ba cheart an barra stróib a úsáid ar feadh tréimhsí gearra i dtosach lena chinntiú nach n-imríonn an solas tionchar ar aon leanbh. Moltar go socraíonn an cleachtóir an barra stróib i dtosach i dtaobh frithghníomhú fuaime agus go n-athraíonn sé ina dhiaidh sin é go dtí an socrú randamach mar gheall go bhfuil seo níos rialaithe do na leanaí agus tabharfaidh siad faoi deara go tapa conas a imríonn fuaim tionchar ar an soilse.

An phríomhfhoghlaim a bhféadfadh an acmhainn seo tacú leis:

Féadfaidh an acmhainn seo tacú le **forbairt teanga, litearthachta agus cumarsáide** mar gheall go spreagann sé scileanna éisteachta agus amhairc.

D'fhéadfaí tacú le **forbairt fhisiciúil** ar nós scileanna oll-luaile de réir mar a thugann leanaí faoi dhamhsa agus gluaiseacht.

Féadtar tacú le roinnt **eispéiris chéadfacha** trí úsáid a bhaint as an mbarra stróib fad a ghlacann leanaí páirt trí úsáid a bhaint as solas agus fuaim.

Pointí tosaigh a mholtar do rannpháirtíocht:

Ba cheart do chleachtóirí breithniú a dhéanamh, ar an gcéad dul síos, ar conas is féidir an acmhainn seo a úsáid chun tacú le leanaí ar a leibhéal reatha agus síneadh beag a chur lena bhfoghlaim más cuí agus nuair is cuí.

- Mar gheall go bhfreagraíonn an barra stróib d'fhuaim, is féidir é a úsáid chun leanaí aonair a spreagadh a bheith níos glóraí fad a dhéanann siad iarracht roinnt barraí a lasadh.
- Is féidir an barra stróib a úsáid leis an mblaincéad céadfach frithchaiteach solais chun limistéar a chruthú cosúil le pluais do leanaí chun dul i mbun súgradh neamhiata agus cruthaitheach (faoi mhaoirseacht duine fhásta).
- Féadtar ceol agus fuaimeanna eile a thosú agus a fhorbairt ag leanaí lena fhiosrú conas a d'fhéadfaidís tionchar a imirt ar fhrithghníomhú an bharr stróib.
- Ba cheart breathnóireacht agus breithniú cúramach a dhéanamh ar conas a fhreagraíonn leanaí don acmhainn seo, go háirithe leanaí a bhfuil íogaireacht amhairc níos airde acu.
- Is tábhachtach a thabhairt faoi deara gur gá breathnóireacht a dhéanamh ar leanaí ar a bhfuil titimeas nó feasacht néareolaíoch nó chéadfach mhéadaithe eile nuair a bhíonn an barra stróib á úsáid acu i dtosach.

